



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2016**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Léann Clasaiceach**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí atá forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus cuimsitheach.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil.

Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi ‘Ealaín agus Ailtireacht’ (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corrúair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le ceisteanna dioscúrsacha a mheas áit a bhfuil tríocha marc, nó níos mó, á dtabhairt as freagra iomlánaíoch le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Ba í seo an óráid a thug Peiricléas ag sochraidí na ndaoine a fuair bás ar dtús sa chogadh ar son na hAithne. Labhraíonn sé i dtús báire faoi mhórgacht a sinsear a tháinig rompu, faoina misneach agus faoina suáilcí. D'oibrigh siad go crua chun tír shaor a thabhairt dúinn agus chuireamar in eagar go maith í. Táimid go hiontach mar gheall ar ár modh maireachtála, go háirithe ár ndaonlathas ar linne amháin é, níor chóipeálar ó aon duine eile é. Tá gach duine mar a chéile os comhair an dlí, is de réir fíúntais a shocraítear sinn seachas de réir aicme, agus ní chuireann an bhochtaineacht bac ar aon duine freastal a dhéanamh ar an stát. Táimid saor agus fulangach inár saol príobháideach, ní thugaimid breithiúnas ar an tslí a maireann daoine eile agus tá meas againn ar an dlí. Is eol dúinn conas spraoi a dhéanamh freisin, comórtais, íobairtí, áilleacht agus cuibhiúlacht. Mar sin féin, níl sinn i bhfabhar an anchaithimh ná an tsó. Bainimid leas maith as ár saibhreas agus tá baint ag gach duine le gnóthaí an stáit. Tá a fhios againn conas focail agus gníomhartha a úsáid agus pléimid an uile ní eadrainn féin. Cuirimid fáilte roimh smaointe agus earraí ó áiteanna eile, níl sinn sáinnithe macasamhail stát eile. Cé nach bhfuil ár mbuachaillí ar nós na Spartach, nach gcuirtear oideachas ar bith orthu seachas oideachas troda, táimid chomh cróga céanna leo, agus seans maith go bhfuilimid níos cróga fiú. Nuair a dhéanann siadsan ionradh caithfidh a gcuid comhghuaillithe tacú leo. Déanann muidne ionradh inár n-aonar. Faighimid misneach go héasca agus go nádúrtha agus tá sé bunaithe ar eolas agus ar phlé. Táimid go maith ag an gcairdeas agus is maith linn garanna a dhéanamh, agus ar an iomlán “is oideachas don Ghréig” í ár gcathair. Is breá lenár gcairde sinn agus tá eagla ar ár naimhde romhainn. Déanfaidh daoine amach anseo iontas dinn, faoi mar a dhéanann aois na linne seo iontas dinn anois. Is fiú go mór bás a fháil ar son mhórgacht na hAithne.

**Trí phointe. (10, 10, 10)**

**(30 marc)**

(b) Maidir leis na mná, deir sé gur mór an onóir dóibh gan moladh ná cáineadh a fháil ó na fir agus gur cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh gan a bheith ar chéim níos ísle ná an dóigh ar chruthaigh dia iad.

**Pointe forbartha amháin.**

**(20 marc)**

(ii) Ba é Alcaibiaidéas an tacadóir ba ghlóraí a bhí ag an tSluaíocht chun na Sicile. Uaslathaí bródúil a bhí ann agus bhí an-tóir ag daoine air. Tugadh cúisimh ina aghaidh mar gheall ar an bpáirt a bhí aige i milleadh na Hermae. Thréig sé cabhlach na hAithne agus chuaigh sé leis na Spartaigh. Níos déanaí, shlánaigh sé é féin agus chuaigh sé ar ais le troid i gcomhair na hAithne ach thréig sé iad den dara huair.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Polaiteoir a bhí i gCléon a cháin na ginearál faoi Phulas. Tugadh ceannas an airm dó agus d'éirigh go breá leis nuair a ghabh sé na Spartaigh ar Sfaictéiria. Ach, bhí sé freagrach as an treascairt Aithneach ag Amfapoil agus maraíodh sa troid é.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Ba é Gylippus an ginearál Spartach dána a seoladh ann chun cuidiú le Sioracús in aghaidh an fhórsa Aithnigh faoi Nicias in 414 R.Ch. Bhí níos mó tionscnaíochta ann ná mar a bhí i Nicias agus bhrúigh sé na hAithnigh siar go suíomh cosantach agus bhí siad faoi ionsaí gan stad ansin. Tháinig baill athneartacha chuige agus faoi dheireadh bhain sé an bua amach in aghaidh baill athneartacha Aithneacha faoi Dhéamastainéas sa tSicil.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas:**

**(50 marc)**

(iii)

(a) Ba chóir, sna cuntais ar an léigear a chuir arm Sparta agus arm na Téibhe ar Plataea, go ndéanfaí trácht ar an tairiscint a rinne Archidamus le muintir Plataea go bhféadfaidís teacht i bpáirt le Sparta nó fanacht neodrach. Ní fhéadfadh muintir Plataea glacadh leis an tairiscint. Ainneoin roinnt iarrachtaí ag muintir Sparta an baile a ghabháil, níor éirigh leo agus b'éigean dóibh balla léigir a thógáil thart ar an mbaile. Níor éirigh leo ina dhiaidh sin uile in ainneoin airde an bhalla. Ba é an beart a rinne muintir Plataea ag cur ina choinne sin balla adhmaid a thógáil ar mhullach an bhalla a bhí timpeall an bhaile cheana féin. Cuireadh craiceann ainmhithe air mar chosaint. Rinne siad mianach freisin faoin mullóg a raibh muintir Sparta uirthi agus nuair a thochail siad isteach fúithi, níor éirigh leis na Spartaigh tuilleadh airde a chur inti. Rinne muintir Plataea balla eile taobh istigh de bhalla an bhaile freisin. Níor oibrigh trealamh léigir na Spartach ach oiread agus níor éirigh lena n-iarracht an baile a loscadh. Ba é an t-ocras a thug ar mhuintir Plataea géilleadh sa deireadh thiar.

**Trí phointe (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Níor thug na Spartaigh aon chúiseanna foirmeálta in aghaidh mhuintir Plataea. Ní dhearnadh ach fiafraí an ndearna siadsan aon ní a chuideodh le Sparta sa chogadh. Chuir muintir Plataea beirt fhear chun tosaigh a labhródh ar a son. Bhí siad chomh maith chuige sin gur chuir muintir na Téibhe a ladar sa scéal chun brú a chur ar na Spartaigh agus ba é an deireadh a bhí air gur maraíodh an chuid de mhuintir Plataea a tháinig slán ón léigear.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(iv) Bhí siad seo a leanas ar na príomhbhotúin a rinne na hAithnigh sa tSluaíocht chun na Sicile: Ní raibh siad ar aon intinn ón gcéad lá riamh gur chóir dul i mbun na sluaíochta seo. Ní raibh cead ag Alcaibiadéas, a labhair amach i bhfabhar na sluaíochta ag an gComhthionól, dul agus cuireadh chun trialach é as scannal ina ionad sin. Bhí Nicias, a bhí i gceannas ar an tsluaíocht sa deireadh, ina coinne ón tús agus labhair sé amach ina haghaidh ag an gComhthionól. Gan amhras ar bith, chuir an tsluaíocht an iomarca brú ar acmhainní na hAithne. Le linn na sluaíochta, d'éirigh Nicias tinn agus d'iarr sé go n-athghairfí é. Bhí sé éiginnte agus d'athraigh sé a intinn an t-am ar fad. Níor chríochnaigh sé an balla ag Epipolae, rud a thug

deis do na Spartaigh a gcuid cosaintí a thabhairt isteach. Bhí deis aige dul ar a theitheadh ar muir ach níor thapaigh sé an deis ar fhaitíos go scriosfadh sé a cháil. Níos déanaí nuair a bhí deis ann cúlú ar muir, bhí sé ró-phiseogach é a dhéanamh mar gheall go raibh urú ar an ngealach. Ní raibh aon mhuinín ag a chuid fear féin as agus níor chuidigh an stíl cheannaireachta a bhí aige lena misneach a ghríosú. Theastaigh dearcadh dána diongbháilte sa tsluaíocht agus bhí seisean aireach agus éiginnte.

**Trí phointe. (17, 17, 16.)**

**(50 marc)**

## **Topaic 2. Alastar Mór.**

(i)

(a) Chuaigh Dáirias agus Alastar thar bhráid a chéile ar an dá thaobh de shliabhraon an Amanos. D'fhág sé sin go raibh Alastar ag féachaint i leith a chúil. Cionn is go raibh Dáirias mífhoighneach agus nár éist sé le comhairle a leasa, bhí Alastar in ann láthair chatha a roghnú a bhí sáinnithe ag an bhfarraige agus ag bunchnoic an Amanos. Ar bhruach clé abhainn an Pinaros, a théann trí cheartlár mhachaire Iseas, rinne a fhir fonóid faoi na Peirsigh a chéadair as sonnach a thógáil agus thug Alastar óráid spleodrach uaidh. Ba é an baol ba mhó dósan go scoithfí a chliathán. Chuir Dáirias 20,000 fear le taobh an chliatháin dheis agus laistiar de. Bhain Alastar úsáid as a mharera chun cliathán deas na namhad a ruaigeadh agus chuir sé ag luascadh isteach ina dhiaidh sin iad chun ionsaí a dhéanamh ar an lár. Ag an nóiméad deireanach, bhog sé aonad Teasálach óna chliathán deas go dtí Páirméiniún ar chlé. Chuir sé a chliathán deas ar dronuillinneacha chun dul i ngleic leis na tulfheadhna Peirseacha ar dtús. D'éirigh go geal leis na Compánaigh ar an gcliathán deas, mar a raibh siad faoi stiúir Alastair, ach bhí deacrachtaí ag an bhfalang Macadónach a bhí ag troid sa lár le saighdiúirí tuarastail Gréagacha. Chas an cliathán deas ar a sáil agus tharrtháil siad an lár in am an ghátair. Bhí Páirméiniún ag streachailt ar an gcliathán clé, ach a luaithe agus a thuig na Peirsigh gur theith Dáirias, ruaigeadh ar fad iad.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (7, 7, 6.)**

**(20 marc)**

(b) Taispeántar ceannaireacht Alastair ina chuid beartaíochta agus straitéise den scoth; roimh thús an chatha nuair a chuaigh trúpaí Dháirias thar a bhráid agus a chuir iallach air casadh ar ais, níor lig sé don easordú sin é a choinneáil siar; a ghlice a bhí sé ag roghnú láthair chatha agus a fheabhas a bhí sé ag imscaradh trúpaí. Thug sé óráid spreagúil dá chuid fear – phioc sé cinn amach a bhí thar barr agus chuir sé i gcuimhne dóibh go raibh cleachtadh maith acusan ar maireachtáil chrua agus nach raibh taithí ar bith ag na Peirsigh ach ar shaol sócúlach bog. Chuir sé i gcuimhne dóibh freisin gur dhream sclábhánta iad na Peirsigh agus gurbh fhir shaora iadsan a bhí ag troid ar son cúis iontach. Léirigh sé crógacht phearsanta (gortaíodh sa ghualainn agus sa leis é). I gcodarsnacht leis sin, rinne Dáirias neamhaird de chomhairle mhaith ó Amyntas chun fanacht i dtír-raon oscailte agus a bheith i bhfuireachas le hAlastar ionas go mbeadh sé in ann tairbhe a bhaint as an tír-raon. Bhí sé mífhoighneach, áfach, agus bhog sé go dtí abhainn an Pinaros, áit a raibh a chuid trúpaí sáinnithe ag an bhfarraige ar thaobh amháin agus ag sléibhte ar an taobh eile. Mar gheall air sin, ní raibh sé in ann leas iomlán a bhaint as an líon ní ba mhó trúpaí a bhí aige. Thar aon ní eile, “theith”

Dáirias “ar an bpointe” as an gcath agus léirigh sé nach raibh misneach Alastair aige. Ar ndóigh, chaill a thrúpaí a misneach agus theith siadsan freisin.

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(c) Ghabh Alastar clann Dháirias agus thug sé an-ómós dóibh. Chuala sé na mná ag caointeoireacht agus sheol sé Leonnatus isteach le rá leo nach raibh Dáirias marbh. Ina theannta sin, nuair a cheap máthair Dháirias gurb é Hephaestion Alastar, ní raibh sé maslaithe agus mhaith sé di é. Bhí cead ag na príosúnaigh ríoga uile a bhfreastalaithe agus a liúntais a choinneáil. Níos faide anonn nuair a fuair bean chéile Dháirias bás, tugadh sochraid ríoga le lánonóracha di.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(ii)

(a) Bhí an turas go Siwah trasna an fhásaigh. Mháirseáil siad ar feadh 200 míle feadh an chósta ar dtús agus ansin chuaigh ó dheas tríd an bhfásach gainmheach gan uisce. Ar an dea-uair thit roinnt báistí, ach chuaigh siad ar seachrán agus ní raibh a fhios ag na treoraithe fiú amháin cá háit a raibh siad ag dul. Is ann do dhá scéal faoi conas a chuidigh na déithe leo ar a mbealach – bhí dhá nathair nimhe ar thosach an tslua dá dtreorú de réir leagan amháin, agus d’eitil dhá phréachán os comhair an airm de réir an leagain eile. Pé scéal é, tá Airrianas cinnte gur thug na déithe cúnaimh dóibh mar “cad eile a d’fhéadfadh a bheith ann?”

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(b) Nuair a shroich sé Siwah, stad sé chun sásamh a bhaint as an suíomh iontach agus chuir sé an cheist ar an oracal agus fuair sé (dar leis féin) an freagra a bhí ag teastáil óna chroí istigh.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(c) Is deacair a rá cé acu ar chreid nó nár chreid sé gur mhac le Séas Ammon é. Bhí an chuma ar an scéal go raibh sé sásta gur shíl daoine eile gur mhac le Séas Ammon é. Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. I bhfabhar na ceiste, tháinig Alastar chuig Séas roimh chath Iseas amhail is dá mba é a athair. Bhuail sé boinn ar ar taispeánadh é mar Shéas Ammon. Níor shéan sé amach is amach riamh gurb é mac Shéas é toisc gur dhócha go raibh sé an-áisiúil ó thaobh mheanma a chuid fear féin agus chun an bonn a bhaint de mheanma an namhad. D’fhéadfaí an iarracht *proskynesis* (umhlú) a thabhairt isteach a úsáid anseo, cé nach bhfuil aon sainráiteas a cheanglaíonn é sin dá dhiagacht. Ba é traidisiún na Gréige umhlú do dhéithe, ní d’fhir, áfach. Ar an taobh eile den scéal, ní admhaíonn Alastar go hoscailte riamh gurb é mac Shéas. Uair amháin agus é ag cur fola dúirt saighdiúir leis go raibh lionn geal ag sileadh óna chuid féitheacha, ach dúirt sé go neamhbhalbh nach raibh, gur fuil a bhí ann. Is iomaí uair, go mór mór le linn an dá óráid cheannairce, go luann sé go cliste gurb é mac Philib é.

**Dhá chúis. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(iii)

Cléiteas: Ba sheanchara le hAlastar é Cléiteas Dubh. Bhí sé ar fiannas faoi Philib. Feighlí leanaí Alastair ba ea a dheirfiúr. Bhí sé ar dhuine de cheannasaithe Alastair a raibh muinín aige as agus tharrtháil sé Alastar ón mbás ag Cath Abhainn Granicus. Macadónach den seandéanamh ba ea é. Níor thaitin an stíl oirthearach cheannaireachta leis a raibh Alastar ag glacadh léi. Chuir na Peirsigh olc air ag an gcúirt agus b'fhuath leis an dóigh a ndearna cuid de na plámásaithe ag an gcúirt iarracht Alastar a chur i láthair mar dhia. Tháinig an crú ar an tairne ag Marakanda – tar éis do gach duine barraíocht a ól, chuaigh Cléiteas le báiní leis na plámásaithe, chuir sé i gcumhne d'Alastar go raibh a athair níos fearr ná mar a bhí seisean, agus gur tharrtháil Cléiteas féin an rí ón mbás. Chuir Alastar sleá tríd agus bhí aiféala mór air tar éis é sin a dhéanamh.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Póras: Ba é Póras an rí millteanach ard ar réigiún na Puinseabe agus bhí sé mar chéile comhraic ag Alastar ina chath cóirithe deireanach ag an Hiodaispéas. D'fhan sé le hAlastar ar an taobh eile de bhruach na habhann agus d'imir Alastar cleas air trí thorann a dhéanamh feadh bhruach na habhann. Nuair a thrasnaigh sé chloígh sé Póras a raibh 200 eilifint aige, trí úsáid den scoth a bhaint as a fhalang agus a mharcra. Nuair a chuaigh Taxiles chun Póras a fháil, bhí sé gortaithe go dona agus ní thiocfadh sé leis. Chuir Alastar duine éigin eile faoi dhéin Phórais, áfach, agus nuair a tháinig Póras a fhad leis, d'fhiafraigh sé dó cén chaoi arbh fhearr leis go gcaithfí leis. D'fhreagair Póras gurbh fhearr leis go gcaithfí leis ar nós rí. Thug Alastar a ríocht ar ais dó agus mhéadaigh sé é fiú amháin.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Bessus: Col ceathrair le Dáirias ba ea é agus bhí sé i measc a chuid comhairleoirí. Thug sé faoi i ndiaidh Chath Ghágaiméala, áfach, agus choinnigh sé faoi ghabháil é le linn dóibh teitheadh ó Alastar. B'fhéidir go raibh sé i gceist aige é a chur ar fuascailt. Nuair a fuarthas corpán Dháirias, chuir Alastar roimhe Bessus a aimsiú agus a ghabháil. Cáineann Airrianas é as an dóigh bharbartha ar chaith sé le Bessus – ciorraíodh é agus cuireadh ar paráid é os comhair an airm agus cuireadh chun báis é de réir stíl Pheirseach.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas:**

**(50 marc)**

(iv)

(a) Ba iad na cúiseanna a bhí leis an gceannairc in Opis go raibh na Macadónaigh ar buile toisc gur fhógair Alastar go raibh na fir ba shine agus ba neamhábalt acu le dul abhaile gan é. Go bunúsach, bhí sé á ndífhostú agus ag cur cúirteoirí Peirseacha agus 30,000 comharba/*epigonoí* ina n-ionad. Buille na tubaiste a bhí ansin maidir leis an nimh san fheoil a bhí ag na Macadónaigh d'Alastar as fabhar a dhéanamh do na Peirsigh. Bhraith siad go raibh siad á mbrú ar shiúl ag Alastar agus nach raibh maith ar bith iontu. Is léir ón dóigh a



raibh na deora leo agus iad ag rith chun a phubail gur mhothaigh siad go raibh Alastar ag tabhairt droim láimhe leo i bhfabhar na bPeirseach.

**Dhá chúis mínithe. (13, 12.)**

**(25 mharc)**

(b) Insíonn Alastar dá chuid fear go bhfuil cead a gcoise acu, ach tugann sé liosta ar dtús de na fáthanna ar chóir dóibh a bheith buíoch de Philib agus de siúd go háirithe. Deir sé gur ardaigh a athair aníos as an mbochtaineacht iad, á gcur i dtreo na glóire agus an tsaibhris agus ag déanamh laochra móra díobh. Tugann sé liosta d'éachtaí míleata Philib, lena n-áirítear gabháil na Gréige. Deir sé gur do na Macadónaigh ina n-iomláine í an onóir sin. Deir sé gur suarach iad éachtaí Philib i gcomparáid lena chuid féin agus tugann sé liosta de na pobail uile atá cloíte ag a arm. Cuireann sé in iúl nár ghnóthaigh sé mórán go pearsanta as an méid sin agus go raibh sé flaithiúil i gcónaí ag tabhairt luach a saothair dóibh. Cuireann sé in iúl go bhfuil an oiread céanna créachtaí aigesean agus atá ag aon fhear acusan agus go bhfuil an tslí mhaireachtála chéanna acu uile. Cuireann sé in iúl gur íoc sé a bhfiacha agus gur thórraigh sé na mairbh go sármhaith. Insíonn sé dóibh go bhfuil cead acu uile imeacht agus an chaoi ar fhág siad a rí a mhíniú.

**Cuntas comhleanúnach ar an óráid. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

### **Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i)

(a) Déanann Plútarc cur síos ar an tslí a ndeachaigh Cléópátra i mbád beag san oíche; tháinig sí i dtír in aice le ceanncheathrú Chaesair. Shín sí í féin taobh istigh de mhála codlata. Cheangail Apollodorus an mála agus d'iompair sé a fhad le Caesar é. Deirtear go raibh Caesar faoi dhraíocht ag Cléópátra den chéad uair mar thoradh ar an gcleas beag sin dá cuid.

**Cuntas comhleanúnach ar an teacht le chéile. (7, 7, 6.)**

**(20 marc)**

(b) Tá cuntas simplí ag teastáil anseo, ina ndéantar cur síos ar an dóigh a ndearna naimhde Chaesair a sholáthar uisce a ghearradh. Bhris troid amach ar Fharas agus chuaigh sé i mbád beag le cúnaimh a thabhairt dá chuid fear. B'éigean dó léim isteach san fharraige agus snámh lena anam.

**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (10, 10, 10.)**

**(30 marc)**

(ii)

(a) Ba chosúil go raibh deacrachtaí acu sa phósadh. Tá Pomponia drochbhéasach le Quintus agus is fuath léi an tslí a gcuireann sé isteach ar a socruithe baile. In ainneoin a chuid béasaíochta, fiafraíonn sé de an strainséir í ina teach féin. Dar le Cicearó nach bhfuil “aon ghá” lena cuid iompair. Níor tháinig sí chun dinnéir agus chuir sí ar ais an bia a tugadh di. Níos déanaí, dhiúltaigh sí luí le Quintus.

**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (14, 13, 13.)**

**(40 marc)**

(b) Cuireann Cicearó an locht ar Pomponia siocair go ndeir sé go raibh Quintus an-lách agus an-deas léi agus nár spreag a iompar a cuid drochbhéasa leis.

**Pointe forbartha amháin. (10)**

**(10 marc)**

(iii)

Leannán: Is leannán fíormhothúchánach é Catullus. Braitheann sé rudaí go han-ghéar agus ar bhealach frithráiteach go minic. Dá bhrí sin, mothaíonn sé idir phléisiúr agus phian ina chuid dánta do Lesbia. Tá a chuid mothúchán an-ionraic agus an-dian. Ba chóir go ndéanfadh na daltaí tagairt do cheann amháin de na dánta do Lesbia ar a laghad.

**Pointe forbartha amháin.**

**(17 marc)**

Cara: Is cara dílis é Catullus agus tá sé an-oscailte agus an-léiritheach sa ghrá atá aige dá chairde. Tá an méid sin le sonrú ina dhánta *Evening With Licinius* agus *Consolation*. Tugann sé ardmholadh dá chairde (Cicearó) agus cuireann sé comhbhrón ó chroí in iúl.

**Pointe forbartha amháin.**

**(17 marc)**

Deartháir: Is é an dán *At a Brother's Grave* an ceann ábhartha anseo, áit a léiríonn sé a dhílseacht dá dheartháir agus a léan mar gheall ar a bhás.

**Pointe forbartha amháin.**

**(16 mharc)**

**(50 marc)**

(iv)

(a) Déanann Sallaistias cur síos ar an mbeirt fhear mar shárshamplaí de shuáilce Rómhánach ó thaobh deaslabharthachta agus ardréim anama de, ach ar bhealaí difriúla. Díríonn sé ar ionracas, ar mhacántacht agus ar stíl mhaireachtála shuáilceach dhian Cható. Deir sé nach ndeachaigh sé i mbun breabaireachta riamh agus ba sciúirse ó lucht an oilc é. Ba mháistir an fhéinsmachta é Cató, bhí sé iomaíoch ó thaobh dea-ghníomhartha de agus ba bheag suim a bhí aige i gcúrsaí saibhris agus cumhachta. B'fhearr leis "a bheith suáilceach, seachas cuma na suáilce a bheith air". Deir sé go raibh an clú dá mhealladh cé nach raibh suim ar bith aige ann. Leagann sé béim ar dheáthacht, ar fhlaithiúlacht agus ar thrua shéimh Chaesair, "fial, freastalach agus maiteach". Déanann sé tagairt d'fhéin-araíonacht Chaesair ó thaobh oibre de, luann sé gur beag an sos a ghlac sé agus go raibh sé tiomanta do leas a chairde. Labhraíonn sé faoi uaillmhian a chroí.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Tá bás Cható iontach toisc gurbh fhearr leis lámh a chur ina bhás féin seachas géilleadh do Caesar. Dúirt Caesar gurbh olc leis nár thug Cató an deis dó a anam a ligean leis.

**Pointe amháin. (15)**

**(15 mharc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Níor chuir aon duine eile an oiread céanna cluichí agus siamsaíochtaí ar fáil agus a chuir Ágastas. Thairfeadh sé gur chuir sé ceithre thacar is fiche cluichí ar fáil do mhuintir na Róimhe ar a shon féin, mar aon le trí thacar is fiche eile thar ceann giúistísí nach raibh d'acmhainn acu déanamh amhlaidh. Chuir sé réimse leathan siamsaíochtaí ar siúl sna sráideanna agus in ionaid éagsúla ar fud na cathrach agus i dteangacha éagsúla, dála drámaí, ach bhí troideanna ainmhithe agus babhtáí iomrascála ann freisin agus muirchath fiú amháin. Chuir sé rásaí carbaid agus coise ar siúl a raibh sáriomaitheoirí páirteach iontu ach ba é an rud ab fhearr leis féin na cluichí Traíocha a cuireadh ar siúl inar ghlac buachaillí d'aoiseanna éagsúla páirt. Chuir sé ainmhithe coimhthíocha, nathracha nimhe móra, srónbheannach agus tíogar san áireamh, ar taispeáint freisin le haghaidh shiamsa an phobail. Rinne sé socrúithe suíochán na gcluichí, a bhí trína chéile, a chur in ord agus in eagar agus mhéadaigh sé an líon saighdiúirí a bhí sa chathair le linn na gcluichí chun cosc a chur ar an mbradaíl agus ar an mbuirgléireacht.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 marc)**

(b) Ba rud cinnte é go bhfaigheadh sé gnaoi na ndaoine as na cluichí a chur ar fáil agus tharraing siad gradam mór ar an impire freisin. Cheap Ágastas freisin go n-imreofaí dea-thionchar ar na daoine agus ar uaisleacht na n-ógánach a ghlac páirt sna himeachtaí spóirt dá mbeadh eiseamláir feabhais le feiceáil acu. Bhain sé féin an-taitneamh as na cluichí freisin, go háirithe an iomrascáil.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(ii)

(a) Áirítear ar shamplaí faoi shuarachas Thibir caiteachas na siamsaíochta poiblí a laghdú trí phá na n-aisteoirí a ghearradh agus líon na gcomórtas gliaireach a laghdú; níor chruthaigh sé foirgnimh áille do na daoine nó níor chuir sé na cluichí agus na seónna a raibh siad ag dréim leo ar fáil. De réir Shéatóinias d'éirigh sé seo níos measa agus é ag dul in aois, thug sé ar Lentulus, arbh fhear saibhir é, a oidhre aonair a dhéanamh de agus thug sé air é féin a mharú ansin; ghabh sé seilbh ar chearta mianraí agus ar chearta bailithe cánach na stát agus na dteaghlach éagsúil.

**Trí shampla. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Bhí Tibir 78 bliain d'aois nuair a fuair sé bás. Fuair sé bás ag Misenum agus bhí siad ag meanmnú ar na sráideanna "Chuir an Tibir le Tibir!" Bhí an slua ríméadach go raibh sé marbh, ach d'éirigh siad ciúin nuair a scaip an ráfla gur tháinig sé slán arís agus thosaigh siad ag meanmnú arís nuair a fuair siad amach gur plúchadh é. Níor vótáil an Seanad onóracha ina leith agus créamadh i ngan fhios don saol é.

**Cuntas comhleanúnach ar a bhás. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(iii) Is ag Séatóinias is mó atá cur síos déanta faoi shaol luath Ágastas, nó Octáivian ina óige. Ba gharnia é le hIúil Caesar. Bhí a athair ina ghobharnóir ar Mhacadóin agus fuair sé bás nuair nach raibh Octáivian ach ceithre bliana d’aois. Níos déanaí cuireann Antaine agus daoine eile ina leith go raibh iasachtóirí airgid agus báicéirí ina shinsearach. Tharraing sé clú air féin nuair a bhí sé an-óg i ndiaidh óráid an tórraimh a thabhairt ag adhlacadh a sheanmháthar (ba dheirfiúr le hIúil Caesar í). Chuaigh sé in éineacht le Caesar nuair a throid sé in éadan chlan mhac Phoimpéas sa Spáinn agus bhí Caesar an-tógtha leis. Nuair a chuala sé faoi fheallmharú Iúil Caesar agus gur dhearbhaigh sé a oidhre féin, chuaigh sé go dtí an Róimh lena oidhreacht a éileamh i gcoinne chomhairle a mháthar agus a leas-athar. Ar dtús ní raibh sé féin agus Antaine ag tarraingt lena chéile agus throid siad ina éadan a chéile (áit a raibh Octáivian an-chróga), ach socraíodh comhréiteach eatarthu agus bhunaigh siad an Dara Tiúrach le Lepidus. Le chéile, fuair siad an lámh in uachtar ar fheallmharaithe Iúil Caesar ag Filipe. Bhí an chuma air gur chaith Octáivian go brúidiúil leo siúd a bhí cloíte i ndiaidh an chogaidh. Caith sé go an-chruálach leo siúd a tháinig slán as an léigear ag Perusia freisin. Fuair sé an bua ar Sextus Pompeius i gcogadh na Sicile agus ansin chuir sé an ruaig ar Lepidus agus ghabh sé a sheilbh. De réir Thacatas, “mheall sé an t-arm le bónais agus d’éirigh go maith lena bheartas de bhia saor mar dhreasacht do shibhialtaigh. Go deimhin mheall sé dea-thoil gach duine leis an mbronntanas taitneamhach síochána”. D’éirigh sé níos fearr an dóigh sin céim ar chéim. Faoin am seo, bhí Antaine san Oirthear agus bhí caidreamh tosaithe aige le Cléópátra. Fuair Octáivian an bua air i gcath cabhlaigh Actium i 31 R.Ch agus bhí sé ina rialtóir aonair anois ar an Róimh.

**Cuntas comhleanúnach ar a ghairm. (17, 17, 16)**

**(50 marc)**

(iv)

Livia: Is cóir cuid de na pointí a leanas a chur san áireamh: Fuair Ágastas colscaradh óna chéad bhean agus phós sé Livia, a bhí ag iompar clainne agus tar éis colscaradh a fháil le déanaí. Ba iad Drusus agus Tibir a beirt mhac; an saol traidisiúnta tí a bhí aici féin agus Ágastas; bás Ágastas; a hoidhreacht i leith trian amháin den eastát agus an teideal, ‘Augusta’. Bhí Ágastas “go huile agus go hiomlán faoina smacht” aici; Tugann Tacatas le tuiscint go mb’fhéidir go raibh sí bainteach le bás Ágastas fiú. Ansin díbirt Thibir a chuir sé air féin agus iarrachtaí leanúnacha Livia le cur ina luí ar Ágastas ligean dó fillleadh ó Ródas; d’oibrigh sí go rathúil fosta chun go n-uchtódh Ágastas a mac. Tá tuiscint éigin ann gur ordaigh Livia díbirt Agrippa Postumus agus a chur chun báis níos déanaí díreach i ndiaidh bhás Ágastas. Tugann an staraí mionsonraí ar an gcaidreamh lag idir máthair agus mac a bhí mar seo go bhfuair sí bás.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Rinne Gearmánacas stocaireacht sa Ghearmáin áit nár éirigh rómhaith leis agus d’athghairm Tibir air. Rinneadh an fear a bhí i gceannas ar Impireacht an Oirthir de ansin, rud a bhronn Tibir air. Thug sé cuairt go héigríonna ansin ar an Éigipt (neamhúdraithe). Bhí sé in aighneas le Piso, gobharnóir na Siria; d’ordaigh sé Piso amach as an tSiria agus fuair sé bás go gairid ina dhiaidh sin i gcúinsí mistéireacha sa tSiria. Bhí sé pósta ar Agrippina.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

Bhí tógáil an-dian ag Julia, iníon Ágastas, agus bhain a hathair úsáid aisti do phósadh straitéiseach, polaitiúil agus chun mic a bheir. I measc a fear céile bhí Marcellus, Agrippa agus Tiber. Dhíbir Ágastas í de bharr adhaltranais (agus bainteacht fhéideartha i bplota) agus fuair sí bás agus i ar deoraíocht.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas:**

**(50 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Ar dtús tá an chuma air go ndúnmharóidh Méide Iasón agus a bhean chéile nua, ach bogann sí ar aghaidh go dtí plean eile. Cinneann sí gurb é an dóigh is fearr é a ghortú gach duine a bhfuil dáimh aige leo a mharú. Tosaíonn sí trína chur ina luí ar Iasón go ndearna sí aithrí agus trína thabhairt air a iarraidh ar Glauce ligean do na buachaillí fanacht sa Choraint. Tugann na buachaillí bronntanais den ghúna nimhe agus den mhionn ríoga chuici. Nuair a chuireann Glauce na bronntanais áille seo uirthi, tosaíonn an nimh ina gúna ag cnaí a craicne agus dónn an mionn ríoga a blaosc agus faigheann sí bás uafásach. Nuair a sheasann gach duine siar in uafás, tagann a hathair, Creon, isteach agus beireann sé barróg ar a corp máchaileach, téann an nimh chéanna isteach ann agus faigheann sé bás uafásach chomh maith. Nuair a chloiseann Iasón faoin mbeart millteanach seo, brostaíonn sé lena leanaí a chosaint ó dhíoltas ar bith ó mhuintir na Corainte a raibh an-fhearg orthu, ach faoin am seo bhí na leanaí maraithe ag Méide. Mar sin, tá gach duine a raibh dáimh aige leo marbh agus tá sliocht a mhuintire díothaithe go hiomlán. Críochnaíonn Méide a díoltas trí gan ligean dó fiú a lámh a leagan ar choirp a leanaí nó iad a chur. Deir sí gur praghas cóir a bhí ina cailteanas féin chun an gáire a bhaint dá aghaidh.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú anseo. Má aontaíonn: Bhí mionn glactha ag Iasón os comhair na ndéithe í a phósadh agus a bheith dílis di agus tá an mionn sin briste aige, mar sin tá a chinniúint tuillte aige. Caith sé go holc léi, á tréigeadh, in ainneoin a dílseachta, do bhean nua. Ní ba chuma leis fiú go raibh sise agus a beirt mhac le cur ar deoraíocht.

Má easaontaíonn: Chaith Iasón go holc le Méide agus bhris sé mionn, ach ní fhéadfaidh sé go mbeadh an díoltas millteanach a d'imir Méide air tuillte ag duine ar bith. Ní thiocthadh le rud ar bith dúnmharú leanaí soineanta a mhaith, go háirithe ag a máthair féin. Dá bhrí sin, ní féidir údar a thabhairt do dhíoltas Mhéide.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(ii)

(a) Tá an chuma ar an scéal ar dtús nach bhfuil Éideapús ábalta an méid a tharla a chreidiúint. Ní chreideann sé gur thug Jocasta a leanbh féin ar shiúl, ach tuigeann sé de réir a chéile gurb é eisean an leanbh sin. Deir sé go bhfuil mealltacht curtha air agus ritheann sé isteach sa phálás. Cloisimid ón teachtaire go bhfuil deifir air, mar a bheadh ainmhí fiáin ann, ag glaoch go dtabharfaí claiomh dó (chun Jocasta a mharú is cosúil), ach faigheann sé marbh lena lámh féin í, ag crochadh os cionn a leapa féin. Gearrann sé anuas go réidh í agus cuireann sé ina luí ar an leaba í agus ansin stróiceann sé na bróistí di agus úsáideann sé iad lena shúile féin a bhaint as a cheann. Ansin tháinig sé amach le labhairt le muintir na Téibhe.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Níl an oiread sin eagla air dá mhic, ach ceapann sé go bhfuil saol ina bhféadfadh daoine a bheith cruálach dóibh i ndán dá iníonacha óga; beidh siad ina ndíbeartaigh shóisialta, gan iad ábalta dul chuig céilithe nó chuig féilte. An rud is cruálaí ná ní bheidh duine ar bith ag iarraidh iad a phósadh toisc go bhfuil smál náire fágtha orthu. Ní phósfaidh siad ná ní bheidh leanaí dá gcuid féin acu. Níl tuismitheoir ar bith acu le bheith ag faire amach dóibh ná le haire a thabhairt dóibh, tá eagla air gurb é an deireadh a bheidh acu go mbeidh siad ag déircínteacht airgid ar an mbóthar.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(iii)

(a) Chuir Éideapús fios ar an bhfáidh dall, Tiresias, le hiarracht a dhéanamh brí a bhaint as focail Oracal Apalló ag Deilfe. Tá sé mall ag teacht agus tá Éideapús mífhoighneach. Fiú nuair a thagann sé, dealraíonn sé go bhfuil drogall air. Iarrann an fáidh go gcuirfí abhaile é agus níl sé ag iarraidh labhairt ar chor ar bith. Ar dtús bíonn Éideapús ag impí air labhairt ansin éiríonn sé teasaí nuair a dhiúltaíonn Tiresias. Cuireann Éideapús i leith an fháidhe go raibh baint aige le dúnmharú Laius. Gríosaithe aige sin, ainmníonn an fáidh Éideapús mar dhúnmharfóir Laius. Ar buille leis an maíomh sin, creideann Éideapús go bhfuil Tiresias agus Creon i mbun comhcheilge chun go gcúiseofaí i ndúnmharú Laius é agus cuireann sé ina leith gur fháidh bréige é. Cuireann sé bagairt ar an seanfhear le foréigean fisiceach agus tugann sé calaoiseoir air. Léiríonn an rí gur theip ar Tiresias mistéir an Sfioncs a réiteach, ag maíomh gur eisean a réitigh é. Fágann Tiresias ar deireadh agus tugann sé géar-rabhadh d'Éideapús faoina chéannacht.

**Cuntas comhleanúnach ar an teacht le chéile. (14, 13, 13.)**

**(40 marc)**

(b) Cuireadh iallach ar Thiresias labhairt agus tugann sé roinnt eolais d'Éideapús, ach ní an t-eolas ar fad. Deir sé nach hé an duine a cheapann sé atá ann, gur cheart dó a fháil amach cé hiad a thuismitheoirí i ndáiríre agus deir sé leis “Is tusa an dúnmharfóir atá á lorg agat”. Deir an fáidh go bhfuil sé ar maos i gciontacht lena theaghlach, tarraingthe isteach in éilliú agus nach bhfuil a fhios aige faoi fhírinne a phósta. Deir sé gurb é an deireadh a bheidh ag duine atá saibhir inniu go mbeidh sé ina bhacach dall agus go dtarlóidh “breith agus scriosadh” Éideapús inniu.

**Pointe amháin.**

**(10 marc)**

(iv)

(a) Míníonn Iasón go loighciúil na fáthanna gur phós sé Glauce. Deir sé nach raibh sé seanchaite le Méide, ach go raibh an pósadh treoraithe “ar mhaithe leatsa agus mo chuid leanaí”. Míníonn sé agus é ina dheoraí gan stát, gurbh deis iontach é an tairiscint iníon an rí a phósadh le dul chun cinn. Ba é a phríomhaidhm “go mbeadh saol maith againn agus nach mbeimis bocht”. Tugann daoine cúl le fear bocht, agus rud maith a bheadh ann mo mhic a thógáil ar bhealach ar fiú m'fhuil é agus a rachmas a chinntiú. Deir sé gur theastaigh uaidh todhcháí Mhéide a chinntiú agus fuil ríoga a thabhairt dá mic agus ‘slándáil a fhorbairt dúinn uile”.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú anseo. Má aontaíonn: Ní fear fíor-dhona nó fíor-olc é Iasón. Chaith Méide go dona leis agus gan amhras is fearr an-sotalach agus postúil é, ach ní fhéadfá ach a mhothú go raibh a phionós thar fóir ar fad dá chion. Tá an radharc nach bhfuil cead aige fiú coirp a bheirt mhac a chur nó lámh a leagan orthu go háirithe truacánta.

Má easaontaíonn: Bhris Iasón mionn, thréig sé Méide chun é féin a chur chun cinn. Maidir lena ghrá dá leanaí, bhí sé sásta go leor do Chreon iad a dhíbirt. Ba é féin ba shiocair lena mhí-ádh féin agus bhí sé sách maith aige fulaingt as a mhionn do na déithe a bhriseadh.

**Dhá chúis. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

## **Topaic 6. An Eipic Ársa.**

(i)

(a) Namhaid le hÉideapús is ea Poiséadón toisc gurb é a mhac Polyphemus an Cioclóp ar imir Odaiséas agus a fhir an cleas air agus a bhain a amharc de. Iarrann Polyphemus ar a athair díoltas a bhaint amach ar Odaiséas.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(b) Seolann Poiséadón stoirm uafásach a scriosann long Odaiséas agus cailleann sé a chuid fear go léir. Mar gheall ar Phoiséadón, tháinig sé i dtír ar oileán Chailiopsó áit a gcuireann an nimfeach i bpríosún é ar feadh seacht mbliana.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(c) Cuirtear pionós ar mhuintir Phaeacia trína long a thiontú go cloch agus trí bhagairt a chur orthu go bhfásfadh sliabhraon ollmhór thart orthu chun iad a scoitheadh ó áit ar bith eile. Mar sin féin, ní dheachthas ar aghaidh leis an mbagairt.

**Pointe amháin.**

**(10 marc)**

(ii)

(a) Arracht scáfar a bhí i Scylla, leathbhean, leathmhadra, agus sé chloigeann uirthi. Tháinig sí aníos ón bhfarraige chun mairnéalaigh a ghabháil agus iad a ithe. Díreach ag a taobh bhí Cairíbdís arbh arracht guairneáin é a thug iarraidh longa a chur síos go grinneall na farraige.

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(b) Thug Circe rabhadh d'Odaiséas faoi Scylla agus faoi Chairíbdís. D'iarr Circe air dul níos gaire do Scylla, toisc go bhfearr seisear fear a chailleadh ná an long ar fad a dhul go tóin poill. In ainneoin chomhairle Circe, tarraingíonn Odaiséas a chlaíomh agus ionsaíonn sé Scylla, ach cailleann sé seisear fear fós mar gheall uirthi.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**



(c) Léiríonn sé sin crógacht as cuimse Odaiséas, a nádúr réchúiseach agus é faoi bhrú agus b'fhéidir giota meargántachta nuair a dhéanann sé neamhaird de chomhairle Circe agus nuair a tharraingíonn sé a chlaíomh. Feicimid a léirscrios chomh maith nuair a chailleann sé roinnt dá fhir.

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(iii)

(a) Deir Iúpatar le Véineas gan a bheith buartha, go mbainfidh Aeinéas a chinniúint amach agus go rachaidh sé go dtí an Iodáil. Deir sé nuair a shroichfidh sé Latium ar deireadh, go dtroidfidh sé cogáil agus go rialóidh sé ar feadh trí bliana. Deir sé go rialóidh a mhac ansin ar feadh 30 bliain agus thart ar 300 bliain ina dhiaidh sin, go mbéarfai Romalás agus Remus le sliochtach, Ilia, agus go mbunóidh siad cathair na Róimhe. Deir sé go bhfuil sé leagtha amach go rialóidh na Rómhánaigh an domhan, go gcuirfidh siad síocháin i réim agus go rialóidh siad náisiúin. Deir sé nach mbeidh teorainn ar bith lena gcumhacht.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

(b) I bPáirceanna Éilísiam, áit a mbuaileann Aeinéas le hAnchises, taispeántar glóir-réim dá chomharbaí dó. Taispeántar a mhac féin dó, a bhéarfai i ndiaidh a bháis agus insítear dó faoi chomh hiontach is a bheidh an Róimh agus cé go mbeidh bronntanais iontacha tairngreachta, ealaíonta agus labhartha ag daoine eile, go bhfuil sé leagtha amach go rialóidh na Rómhánaigh daoine eile. Tagann Rómhánaigh iontacha amhail Brutus, Caesar, Ágastas agus daoine eile i láthair agus iad réidh le teacht ar an saol arís chun rudaí iontacha a fheiceáil.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

(iv)

(a) Is é an ceann follasach le húsáid anseo an radharc tosaigh i Leabhar 1 nuair a théann Iúnó chuig Aeólas agus nuair a thugann sé breab dó le nimfeach álainn leis na gaotha a scaoileadh agus stoirm uafásach ar farraige a chur chun cabhlach na dTraíoch a scriosadh ar an mbealach ón tSicil go dtí an Iodáil. Caitear na longa thart agus scaiptear iad, ceapann Aeinéas go bhfearr dó a bheith marbh agus tá éadóchas air. Tagann siad i dtír ar deireadh ar chladach na Libia, gar don Chartaig. Úsáideann siad an cleas i Leabhar 5 chomh maith nuair a thugann sí ar na mná na longa a chur trí thine.

**Cur síos comhleanúnach ar an méid a tharla. (10, 10, 10.)**

**(30 marc)**

(b) Tá ceithre chúis ag Iúnó le fuath a bheith aige dóibh. Ar an gcéad dul síos, tugann Prionsa an Traí an t-úll óir do Véineas in áit é a thabhairt dise, an dara cúis ná gur throid Argos i gcoinne an Traí, an tríú cúis ná go bhfuil dáileamh ag Séas ar a dtugtar Ganymede ar Traíoch é agus dá dtugann sé barraíocht airde dar léi. Ach is í an phríomhchúis má éiríonn le hAeinéas dul go dtí an Iodáil agus má thagann stát na Róimhe chun bheith, scriosfaidh sé sin

a cathair mhuirneach féin. Tá sí ag iarraidh gach rud a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlóidh sin.

**Dhá chúis. (10, 10.)**

**(20 marc)**

### **Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i)

(a) Tá Charon an-sean agus tá droch-chuma air. Cuirtear síos air mar ‘fiáin agus fíorshalach’, an farantóir a iompraíonn na mairbh trasna Abhainn Styx go dtí an Domhan Thíos. Tá féasóg ollmhór air, tá a chuid súl “socraithe ach lasrach”. Caitheann sé seanchlóca salach ina ghiobail agus is píolóta é ar sheanbhád meirgeach. Cé go bhfuil sé an-sean, tá sé chomh láidir is atá sé síoraí.

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(b) Míníonn an tSibille gurb iad na mairbh nár adhlacadh na hanamacha a fhanann cois abhann. Caithfidh siad fanacht, ach tugann Charon cead do na cinn a adhlacadh dul ar an mbád. Caithfidh na cinn a fhanann fanacht ar feadh céad bliain sular féidir leo dul trasna an uisce.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(c) Deir Veirgil go bhfuil an oiread d’anamacha ann is atá de na duilleoga a thiteann go socair san fhómhar, nó de na héin a thagann le chéile ar chasadh na bliana le himirce a dhéanamh.

**Cuntas gearr. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(ii)

(a) Insíonn Menenius Agrippa an scéal do na daoine faoi na codanna den chorp, a chuaigh ar stailc i dtosach nuair a bhí siad míshásta nach raibh rud ar bith á dhéanamh ag an mbolg ach go raibh an bia go léir á fháil aige. Mar sin dhiúltaigh na lámha bia a iompar go dtí an béal, dhiúltaigh an béal bia a ghlacadh, ní chognódh na fiacla. Idir an dá linn d’éirigh an corp lag agus d’fhulaing sé.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

(b) Ba é an teachtaireacht go raibh ról tábhachtach sa tsochaí acu siúd fiú a raibh an chuma air go bhfuair siad an saibhreas go léir (na daoine saibhre) agus nach raibh maith ar bith dul ar stailc ina gcoinne toisc go bhfulaingeadh an tsochaí go léir, iad féin (na pleibigh) san áireamh.

**Pointe amháin.**

**(15 mharc)**

(c) Ba é an lamháltas a dheonaigh an Seanad gur cheart Treabhainn a bheith ann a thoghfadh na pleibigh, giúistísí dá gcuid féin, a chuirfeadh a leasanna chun cinn. Ní bheadh an post sin ar fáil do dhuine ar bith ón uasaicme. Ceapadh beirt díobh agus cheap siadsan triúr eile.

**Pointe amháin.**

**(10 marc)**

(iii)

(a) Tá Horáit amuigh ag siúl agus buaileann sé le leadránaí a thagann chuige agus a deir gur file an-mhaith é agus gur cheart do Horáit aithne a fháil air. Is cuma cad a dhéanann Horáit, ní scaoileann an fear leis, ag rá gur intleachtóir é agus ag cabaireacht leis, ag tabhairt molta do na sráideanna go léir agus don chathair go léir. Cé go n-aithníonn sé go bhfuil Horáit ag iarraidh imeacht uaidh, fanann sé leis, ag rá gur mhaith leis dul ar shiúlóid fhada. Tá Horáit cosúil le hasal doicheallach, ag ísliú a chluas, éistean sé leis an leadránaí ag cabaireacht faoi chomh maith atá sé mar rincoir agus mar cheoltóir, agus go scríobhann sé filíocht níos gaiste ná duine ar bith eile. Nuair a fhiafraíonn Horáit de cén fáth nach bhfuil duine ar bith ag fanacht leis sa bhaile, deir sé go bhfuil siad go léir marbh. Deir Horáit go raibh sé chomh maith aige é féin a mharú chomh maith.

**Achoimre chomhleanúnach. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú anseo fad is go dtugann siad cúiseanna ón téacs. Nach bhfuil mórán de scéal ann nó nach bhfuil sé iontach drámata nó go bhfuil sé greannmhar agus measartha réalaíoch, agus go bhfuil Horáit ábalta a bheith ag gáire faoi féin chomh maith le daoine eile.

**Dhá chúis. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(iv)

(a) Féadfaidh daltaí dán ar bith le Proipeirtias a roghnú.

**Pointe amháin. 5.**

**(5 mharc)**

(b) Is é an príomhrud anseo go bhfuil tagairtí ann don dán é féin i míniú an dalta ar cibé an bhain sé/sí sult as nó nár bhain.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)**

**(25 mharc)**

(c) Ba cheart go mbeadh na daltaí ábalta an tionchar a bhí ag an dán orthu a rá agus b'fhéidir é a chur i gcomparáid lena saol féin nó le rudaí eile atá léite nó feicthe acu. Arís, teastaíonn tagairtí don dán féin anseo.

**Dhá chúis. (10, 10.)**

**(20 marc)**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) An amharclann (5) in Eipeadáras. (5)

(10 marc)

(b) Bhí spás do thart ar 14,000 duine san amharclann seo. Is é an *theatron* an limistéar féachana san amharclann. Tógadh é ar chnoc i leath-chiorcal mór timpeall oirceastra ciorclach áit a bhféadfadh damhsa a bheith ar siúl nó seans go raibh suíocháin bhreise ann. Bhí altóir tiomanta do Diníseas sa lár. Bhí an *skene* nó an foirgneamh ardáin ar chúl an oirceastra. Baineadh úsáid as an bhfoirgneamh mar limistéar gléasta do na haisteoirí agus bhí an t-ardán nó an stáitse os comhair an *theatron*. Bhí dhá *parodoi* nó dhá bhealach isteach ar an dá thaobh den fhoirgneamh. Roinneadh an limistéar féachana i rannóga ar chruth dinge agus bhí *diazoma* nó bealach siúil sa lár a roinn an limistéar féachana in dhá chuid. Bhí tacaí agus cúil ar na suíocháin don uaisleacht, ach ní raibh tacaí ná cúil ar an gcuid ba mhó de na suíocháin.

Míniú ar thrí ghné. (9, 8, 8.)

(25 mharc)

(c) Bhí an cruth an-mhaith i gcomhair líon mór daoine a bheadh ag breathnú ar léiriú, tá an cruth céanna ag go leor amharclann inniu chun infheictheacht an stáitse a chinntiú. Bhí sé éasca na suíocháin a aimsiú mar gheall ar an *diazoma* nó an bealach siúil seo agus roinneadh na suíocháin i dteascáin chomh maith. Bhí spás faoi na suíocháin fiú ionas go mbeadh daoine in ann a gcuid cosa a tharraingt siar le spás a thabhairt do dhaoine eile siúl tharstu. Bhí cúl na suíocháin ní b'isle ná an suíochán féin, mar an gcéanna le suíocháin na bpictiúrlann sa lá atá inniu ann. Bhí an *parodoi* foirfe mar bhealach isteach agus amach do na haisteoirí agus don lucht féachana. Chabhraigh an stáitse ar ardán go mór le hinfheictheacht na n-aisteoirí agus bhí an fhuaimíocht ar fheabhas mar thoradh ar chruth cuachach an halla éisteachta.

Dhá phointe. (8, 7.)

(15 mharc)

(ii)

(a) Apalló. 10.

(10 marc)

(b) Tá an dealbh a chruthaigh an dealbhóir (Féidias) casta agus fuinniúil, tá neart fíoracha ann agus tá naisc eatarthu uile, cé go mbíonn spás triantánach deacair a líonadh. Is ard agus is ceannasach a sheasann sé thar gach duine eile sa lár. Apalló atá ann. Tá Apalló agus na fíoracha eile i lár griolsa agus iad ag coraíocht agus ag troid lena chéile. Tá roinnt díobh ina seasamh, daoine eile ar a nglúine nó ag titim, ligeann sé seo don dealbhóir an cruth triantánach ciotach a líonadh agus na fíoracha ag idirghníomhú lena chéile ag an am céanna.

Dhá phointe. (10, 10.)

(20 marc)

(c) Tá an fhíorach seo ina heiseamláir thipiciúil de dhealbhóireacht thréimhse na luathré clasaicí ar roinnt bealaí. Cé go bhfuil a fhíor nádúrtha agus go bhfuil “gluaiseacht bhactha” le feiceáil ina staidiúir. Tá stíl na deilbhe an-ghéar chomh maith. Níl aghaidh na deilbhe an-

suntasach agus tá an ghruaig atá air cosúil le bréagfholt. Níl an éadaitheoireacht casta agus níl mórán ornáidíochta i gceist léi, tá sé seo tipiciúil den tréimhse seo chomh maith.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(d) Tá an scéal bunaithe ar an gcath idir na *Lapiths* agus na ceinteáir. Tugadh cuireadh do na ceinteáir chuig bainis rí Lapith áit ar ól siad an iomarca agus a raibh siad míbhéasach, rinne siad iarracht an bhrídeach agus na mná eile a thógáil dóibh féin. Léirítear caithréim na hintleachta agus na sibhialtachta thar neart brúidiúil ann.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(iii)

(a) Banda cothrománach maisiúcháin. (5) (5 mharc)

(b) Is déithe atá sna fíoracha (Poiséadón, Apalló agus Artaimís go sonrach)

**Trí dhia ainmnithe. (4, 3, 3.) (10 marc)**

(c) Tá an fríos suite go hard timpeall balla amuigh an *naos* agus na póirsí taobh istigh den pheiristíl.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(d) Féidias. (5) (5 mharc)

(e) Tá an fríos 160m ar fad agus 1m ar airde. Tá sé leagtha i suíomh an-aisteach. Greanadh i rilíf íseal é. Is dócha gurb é Mórshiúl an Phaintéoin atá ann, b'fhéidir gurb é seo an ceann roimh Chath Mharatóin. Tosaíonn sé sa chúinne thiar theas agus marcaigh ag ullmhú agus ansin carbadóirí, daoine a bhfuil tráidirí ina lámha acu, íobairtí ainmhí, maighdeana agus saoránaigh á leanúint. Tá páiste ann agus é ag tabhairt an *peplos* fillte i gcomhair Aitéiné agus tá sraith déithe ina suí os cionn an bhealaigh isteach ar an taobh thoir. Is iomaí cineál staidiúirí atá ann, tá roinnt dóibh ag gluaiseacht go tapa, roinnt dóibh go mall agus tá doimhneacht álainn ann.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(iv)

(a) Seo iad Eirene agus Ploutos (Síocháin agus Saibhreas). (10) (10 marc)

(b) Baineann sé leis an 4ú haois R.Ch. (10) (10 marc)

(c) Tá sí ag caitheamh *peplos* atá scaoilte uirthi agus cruinnithe ag a coim. Tá fillteacha móra sa bhall éadaigh ach léirítear a corp faoi chomh maith. Crochadh an fabraic go nádúrtha thar a cabhail.

**Pointe amháin. (10) (10 marc)**

(d) Is máthair agus leanbh atá ann agus an leanbh ag síneadh láimhe chuig aghaidh a mháthar go ceanúil. Tá sí ag breathnú síos ar an leanbh go grámhar agus é ina shuí i lúb a láimhe.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

### **Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i)

(a) I bhfáthscéal na hUaimhe míníonn Sócratéas do Glaucon íomhá uaimhe atá lán le daoine agus iad ceangailte leis an mballa le slabhra agus a ndromanna ag an mbealach isteach acu. Tá tine taobh thiar díobh agus cruthaítear scáileanna ar an mballa dá bharr sin. Cuireann siad ainmneacha ar na scáileanna ar an mballa, níl siad in ann ach an méid seo den domhan a fheiceáil. Measann siad dá bhrí sin go bhfuil an-tábhacht leis na scáileanna agus lena gcuid anailíse. Ní bheidh siad chomh gar don fhírinne go deo is atá siad anois. Is é an fealsamh an fear ar éirigh leis imeacht ón uaimh, feiceann sé nach rud fíor iad na scáileanna agus go bhfuil níos mó taobh amuigh, cé go mbíonn deacracht aige go minic teacht ar an eolas seo (baineann an ghrian an t-amharc de agus tógtar ar ais é chuig gach a shíl sé a bheith fíor riamh sa saol). Ach tuigeann sé sa deireadh gurb í an ghrian foinse an tsolais. Filleann an fealsamh ar an uaimh leis an eolas go bhfuil réaltacht taobh amuigh den uaimh nach bhfaca na príosúnaigh eile riamh. Tá siad in amhras faoina “réaltacht” nua ar ndóigh agus tugann siad faoi.

**Cuntas comhleanúnach ar an bhfáthscéal. (10, 10, 10.)**

**(30 marc)**

(b) Ní mór don fhealsamh é féin a fhuascailt ón Uaimh, ní mhiste cé chomh deacair is atá an turas seo chun na fírinne. Ní mór dó iarracht a dhéanamh a chomhchréatúir a chur ar an eolas faoin bhfírinne, cé nach saibhroidh sé é ná ní bheidh mórán measa air dá bharr. Caithfidh sé iarracht a dhéanamh na “príosúnaigh” a tharraingt ón réaltacht bhréagach (na scáileanna) go dtí an fhírinne (an ghrian). I bhfocail eile, ní mór dó an fhírinne a léiriú do dhaoine, fiú má tá daoine ag magadh faoi agus in amhras faoi.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(ii)

(a) Dar le Platón gurb é an t-aon difríocht amháin an-tábhachtach atá idir fir agus mná ná go dtugann mná leanaí ar an saol agus tuismíonn fir iad. Dá bhrí sin, dar leis, níl aon chúis i ndáiríre nach gcuirfí oideachas iomlán ar na mná, nach mbeidís in ann rannhuidiú leis an stát ar an mbealach céanna agus na poist chéanna a bheith acu tríd is tríd. Mar sin féin, deir sé gurb amhlaidh, go ginearálta, go ndéanfaidh fir a gcuid dualgais níos fearr ná mar a dhéanann mná. Bunaíonn sé a argóint ar an bhfaire a dhéanann sé ar mhadraí cosanta, idir chinn fhireann agus bhaineann. Ní bhíonn tionchar ag inscne dhifriúil ar an gcaoi a dhéanann siad rud éigin. Ar an gcaoi chéanna ní dhéanann fir atá maol nó fir a bhfuil gruaig fhada orthu cúraimí ar aon bhealach atá difriúil óna chéile. Is é an phríomhdhifríocht eatarthu dar leis an chaoi ina n-oiltear agus ina dtraenáiltear iad. Níl siad cothrom ar gach bealach. Is cosúil go

nglacann Platón leis gurb amhlaidh, taobh istigh de gach catagóir, go bhfuil na fir níos fearr ná na mná agus tá an cheist ann freisin maidir le láidreacht fhisiciúil níos fearr. Mar sin, ní áitítear comhionannas iomlán ar gach bealach anseo in aon chor.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) D'fhéadfadh iarrthóirí aontú nó easaontú a fhad is go bpléann siad argóintí Shócraitéas agus go dtugann siad tacaíocht dá gcuid tuairimí féin. I measc na bpointí follasacha d'fhéadfaí a lua gur beag post a bhfuil srian air ó thaobh inscne sa lá atá inniu ann, seachas cinn lena ngabhann saothar an-fhisiciúil agus tá neart samplaí de mhná a bhfuil ag éirí thar cionn leo i ngach réimse den saol.

**Pointe forbartha amháin. (15)**

**(15 mharc)**

(iii)

(a) Míníonn Sócraitéas go bhfuil an uile dhuine spleách ar dhaoine eile; níl duine ar bith againn in ann a dhóthain féin a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is rud ciallmhar dúinn dul i ngrúpaí agus leas a bhaint as ár n-inniúlacht phearsanta féin ar mhaithe le leas an phobail. Go bunúsach, deir sé nár cheart go mbeadh ach cúpla cineál oibrí ann: feirmeoir, gréasaí, tógálaí, fíodóir agus b'fhéidir cúpla ceann eile. Post amháin an duine. Tá an leas coiteann thar a bheith tábhachtach.

**Trí phointe. (14, 13, 13.)**

**(40 marc)**

(b) Deir Glaucon go mbeadh an tsochaí seo róbhunúsach. Dá bhrí sin, maíonn Sócraitéas go leanaimid orainn, go tíopúil, agus go gcuirimid feabhas ar ár gcaighdeáin d'fhonn earraí níos galánta, níos sómhaire a chur san áireamh (bia, troscán, cumhrán, etc.). Mar gheall air seo, cruthaítear cathracha níos mó, pobail níos mó agus bíonn gá le níos mó talún. Eascraíonn speisialtóireacht agus éagsúlacht níos mó gairmeacha agus ceirdeanna as seo freisin.

**Pointe amháin. 10.**

**(10 marc)**

(iv)

Chuir Sócraitéas an milleán ar an tsochaí dhaonlathach as an bhfealsúnacht a mheas faoina luach. Baineann sé leas as samhail an Chaptaein Mhara chun an dóigh nach bhfuil meas ag an tsochaí ar a cuid fealsúna, a chur in iúl. Deir sé go bhfuil an fhealsúnacht an-deacair agus go dtógann sé cuid mhór ama agus, dá bhrí sin, nár cheart do dhuine ar bith, seachas daoine eisceachtúla, staidéar a dhéanamh uirthi. Deir sé go bhféadfadh olcas na sochaí fealsúna maithe a thruailliú fiú – dathúlacht, airgead, clú an phobail agus tarraingt an ratha mhóir. Maíonn sé go bhfuil drochfhealsúna ann a thugann drochainm don fhealsúnacht féin. Tugann sé aird ar leith do na Sofaistí; luann sé go ndeir siad go múineann siad an fhealsúnacht ach nach ndéanann siad amhlaidh ar chor ar bith. Mar sin, tá fíorfhealsúna an-úsáideach, ach tugann siadsan a ligeann orthu go ndéanann siad staidéar uirthi, drochainm dóibh uile. D'fhéadfaí an analach faoin Ainmí Mór Cumhachtach a áireamh anseo freisin.

**Trí phointe. (12, 12, 11.)**

**(35 mharc)**

(b) Féadfaidh na scoláirí aontú nó easaontú le hábhar na ceiste. Níl orthu an téacs a úsáid chun tacaíocht a thabhairt dá n-argóintí.

**Pointe amháin. (15)**

**(15 mharc)**

### **Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i)

(a) Tugadh uisce chuig bailte agus cathracha Rómhánacha i seoladáin a bhí déanta as clocha móra agus áirsí á dtacú, ba mhinic a tháinig an t-uisce seo ó fhoinsé uisce i bhfad ó bhaile. Thugtaí uiscerianta ar na struchtúir.

**Pointe amháin. 10.**

**(10 marc)**

(b) Úsáidtear an áirse mar thaca don phíblíne ar barr. D'aithin na Rómhánaigh go raibh sé feidhmiúil agus álainn ag an am céanna agus go raibh go leor nirt agus seasmhachta ann. Tógadh an t-uiscerian go tíosach, níor baineadh úsáid as an iomarca ábhar tógála. Ardaíonn sraith áirsí an seolphíobán féin atá ar barr.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(c) Tá dhá shraith áirsí ag an uiscerian Segovia agus an tsraith ar barr beagán níos lú ná an tsraith atá ar bun. Is é an Pont du Gard an t-uiscerian is mó de na huiscerianta Rómánacha uile, tá trí shraith air agus baineann raon mór saghsanna leo, tá siad an-mhór ag leibhéal na habhann agus an-bheag ar barr. Tá sé i bhfad níos mó ó thaobh scála de ná an tarbhealach Segovia.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(ii)

(a) Tá bustaí a shinsear ina lámh aige, seans gur mórshiúl sochraide atá ann.

**Pointe amháin. 10.**

**(10 marc)**

(b) Tá toga traidisiúnta Rómhánach á chaitheamh ag an bhfear, ní raibh ach saoránaigh na Róimhe amháin in ann toga a chaitheamh agus bhain sé le huaisleacht agus le freagracht. Léirítear fillteacha iomadúla an toga go ríshoiléir.

**Dhá phointe. (8, 7.)**

**(15 mharc)**

(c) Éadach an-tipiciúil Rómhánach atá ann, ar ndóigh, tá an nós de bhustaí do shinsear a iompar i do lámha tipiciúil chomh maith. Gné eile atá ann a shonraíonn go bhfuil sé tipiciúil de phortráidí Rómhánacha ná réalachas iontach na n-aghaidheanna. Tá na haghaidheanna uile an-indibhidiúil agus éagsúil óna chéile, mar a bheadh portráidí grianghrafadóireachta de na fir, níl a ngnúiseanna cosúil lena chéile, agus níl an chuma air go ndearnadh “aerscuabadh”



ná idéalú orthu, feictear a gcuid roc, go bhfuil siad ag éirí maol...etc. Tá an chuma ar na haghaidheanna seo go raibh saol fada ag na daoine, d'fhéadfaí an frása "idir chraiceann agus chnámha" a úsáid chun cur síos a dhéanamh orthu.

**Dhá phointe. (13, 12.)**

**(25 mharc)**

(iii)

(a) Bhí na Folcadáin Stáibiacha i bPoimpé agus iad ar cheann amháin de na trí fholcadán poiblí a bhí ann. Murab ionann folcadáin a tógadh ní ba dhéanaí ní raibh na cinn seo go hiomlán néata ná siméadrach. Bhíodh dhá bhealach isteach ann, leithreas poiblí, áiseanna i gcomhair fir agus mná (agus iad scartha óna chéile), agus seomra gléasta, tepidarium (seomra bogthe) agus caldarium (seomra te) i ngach ceann díobh. Bhíodh linn fhuar chruinneachánach, *palaestra* nó limistéar aclaíochta ann chomh maith le linn snámha. Bhíodh hipeacóst nó córas téimh le hurláir ardaithe ann chomh maith.

**Trí phointe. (10, 10, 10.)**

**(30 marc)**

(b) Ba chuid lárnach sa saol iad na folcadáin nó na *thermae* sna bailte Rómánacha. Ba é seo an áit a ndeachaigh formhór na Rómhánach nuair a bhí am saor acu, san iarnóin is dócha le linn an chuid ba theo den lá. Bhítí in ann cuimilt nó suathaireacht a fháil, spórt a imirt, bhíodh cearrbhachas ann, bhítí in ann béilí beaga a cheannach agus labhairt le cairde. Is féidir a rá ag breathnú ar líon na bhfolcadán a bhí ann agus ar thomhas na gceann a bhí sa Róimh go raibh an-tóir ar na folcadáin seo agus go ndeachaigh Rómhánaigh as gach uile aicme chucu. Seachas casadh le cairde, aclaíocht a dhéanamh agus iad féin a ghlanadh, bhí na Rómhánaigh in ann a n-intinn a leathnú freisin i leabharlanna, i hallaí léachtaí agus i músaeim a bhí ceangailte leis na haonaid fholcadáin seo.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(iv)

(a) Aichill, (4) Diomede agus (3) Odaiséas. (3) Nochtann an bheirt eile Aichill, tháinig siad le hAichill a thógáil leo chun troid i gCogadh na Traí. Tá sé i mbréagriocht cailín, ach rugadh air toisc gur thóg sé arm amach ón mbosca mór taiscí.

**Pointe amháin míniúcháin ar an radharc anuas ar an tsainithint. (10.) (20 marc)**

(b) D'éirigh leis an bpéintéir an pictiúr a dhéanamh níos drámata le gnúiseanna na gearachtar; tá siad uile an-chorraitheach, tá Aichill ag breathnú ar a dheis go fiáin agus tá Odaiséas ag breathnú air mar a bheadh an milleán aige air. Tá staidiúir na beirte drámata chomh maith, tá greim docht ag beirt Ghréagach eile ar Aichill, tá Odaiséas á chlaonadh féin mar a bheadh sé ag iarraidh é a stopadh ag rith. Tá neart gníomhaíochta sa radharc le trasnáin na sleá agus na lámha agus na cosa chomh maith. Cuireann an bhean atá ar chúl lena héadaitheoireacht

ghuairneánach leis an drámaíocht. Tá an pictiúr drámata freisin ó thaobh solais agus scátha: an t-éadach bán ag titim agus craiceann dorcha Diomede agus Odaiséis, is drámata an chodarsnacht é sin.

**Dhá phointe. (10, 10.)**

**(20 marc)**

(c) Chuireadh siad péint ar bhallaí a gcuid seomraí chun spásanna laistigh a ghealadh. Níor bhain na Rómhánaigh úsáid as an oiread troscán is a úsáidtear sa lá atá inniu ann. Chuirte an bhéim ar na maisiúcháin ar na ballaí agus ar na hurláir. Anuas ar na painéil a raibh radhairc éagsúla orthu cosúil leis an gceann seo, bhain na Rómhánaigh úsáid as pictiúir chun seachmaill radhairc a chruthú ar a mballaí chomh maith; bhíodh radharc samhailteach ailtireachta, gairdíní nó tírdhreacha andúchasacha ann chun cuma a chur ar na ballaí go raibh siad ag breathnú amach ar radharc tíre.

**Cúis amháin. 10.**

**(10 marc)**

Leathanach Bán

